Léirigh, le samhail, iarmhairt cheaptha teasa

Coincheap—Iarmhairt cheaptha an teasa

NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Tíreolaíochta agus Eolaíochta – Feasacht agus Cúram Imsahol

Turgnamh

Beidh gá agat le:

- 2 bhuidéal 2L de phlais teach trédhearcach
- 2 theirmiméadar
- Cairtchlár tanaí
- 3 chupán múirín
- Téip mhascach
- Plaisteach trédhearcach/scannán ceangailteach
- Banda rubair
- Lampa crágach (clip-on) agus bolgán 100 vata air
- Leabhar nó píosa adhmaid chun an lampa a dhaingniú

1. Gearr an barr de na buidéil plaisteacha
2. Téipeáil na teirmiméadair laistigh de na buidéil.
3. Téipeáil roinnt cairtchláir thar bholgáin na dteirmiméadar (chun an teas díreach ó bholgán 100V an lampa a sheachaint)
4. Cuir timpeall 1 chupán de mhúirín mín i ngach buidéal.
5. Clúdaigh buidéal amháin leis an bplaisteach trédhearcach agus daingnigh é leis an mbanda leaisteach.
6. Cuir na buidéil ar bhord timpeall 20cm ó chéile.
7. Leag an lampa idir an dá bhuidéal ag úsáid an leabhair nó an adhmaid do ghrág an lampa.
8. Ríomh teocht an dá bhuidéal (ba chóir go mbeadh sí mar an gcéanna).
9. Las an lampa agus breathnaigh ar an teocht ar feadh thart ar 10 nóiméad.

Ba chóir go dtéadh an buidéal clúdaithe níos mó ná an ceann oscailte. Tá an rud céanna ag tarlú in atmaisféar an domhain. Feidhmíonn gáis cheaptha teasa mar ghaiste teasa d'fhuinneamh na gréine, rud a chuireann ar ár bpláinéad téamh. Tugtar iarmhairt cheaptha teasa air sin.

Léirigh, le samhail, iarmhairt cheaptha teasa